Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 24 Meán Fómhair 2022, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlónadh LEE, d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

(1) IO L 207, 9.8.2022, lch. 24.

(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Meán Fómhair 2022.

Thar ceann Chomhchoiste LEE
An tUachtarán
Kristján Andri STEFÁNSSON

CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 247/2022
an 23 Meán Fómhair 2022

lena leasaítear Iarscríbhinn IX (Seirbhísí airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE [2023/776]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,
De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/631 ón gCoimisiún an 13 Aibreán 2022 lena leasaítear na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/637 a mhéid a bhaineann le neamhchosaintí ar phriacal an ráta úis a nochtadh i ndáil le suíomhanna nach sealbhaítear sa leabhar trádála ⁽¹⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (2) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an méid seo a leanas isteach i bpointe 14ag (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/637 ón gCoimisiún) d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE:

‘ **32022 R 0631**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/631 ón gCoimisiún an 13 Aibreán 2022 (IO L 117, 19.4.2022, lch. 3).’

Airteagal 2

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/631 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlónadh LEE d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 24 Meán Fómhair 2022, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlónadh LEE, d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Meán Fómhair 2022.

Thar ceann Chomhchoiste LEE

An tUachtarán

Kristján Andri STEFÁNSSON

⁽¹⁾ IO L 117, 19.4.2022, lch. 3.

^(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.

CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 248/2022

an 23 Meán Fómhair 2022

lena leasaítear Iarscríbhinn IX (Seirbhísí airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE [2023/777]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (“Comhaontú LEE”), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1118 ón gCoimisiún an 26 Márta 2021 lena bhforlíontar Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonrú an mhodheolaíocht atá le húsáid ag údaráis réitigh chun an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 104a de Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus an ceanglas maoláin chomhcheangailte a mheas i dtaca le heintitis réitigh ar leibhéal comhdhlúite an ghrúpa réitigh i gcás nach mbíonn an grúpa réitigh faoi réir na gceanglas sin *per se* de bhun na Treorach réamhráite ⁽¹⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (2) Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1340 ón gCoimisiún an 22 Aibreán 2021 lena bhforlíontar Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena gcinntear inneachar na dtéarmaí conarthacha i dtaca le haitheantas a thabhairt do chumhachtaí um bac réitigh ⁽²⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (3) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/622 ón gCoimisiún an 15 Aibreán 2021 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme le haghaidh chur i bhfeidhm Threoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le teimpléid aonfhoirmeacha don tuairisciú, treoracha agus modheolaíocht chun tuairisciú a dhéanamh ar an íoscheanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe a thuairisciú ⁽³⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (4) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/622 aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/308 ón gCoimisiún ⁽⁴⁾, atá ionchorpraithe i gComhaontú LEE agus atá le haisghairm, dá réir sin, faoi Chomhaontú LEE.
- (5) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE, leasófar í mar a leanas:

1. Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad théacs phointe 19bl (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/308 ón gCoimisiún):

“**32021 R 0622:** Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/622 ón gCoimisiún an 15 Aibreán 2021 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme le haghaidh chur i bhfeidhm Threoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le teimpléid aonfhoirmeacha don tuairisciú, treoracha agus modheolaíocht chun tuairisciú a dhéanamh ar an íoscheanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe a thuairisciú (IO L 131, 16.4.2021, lch. 123).”

⁽¹⁾ IO L 241, 8.7.2021, lch. 1.

⁽²⁾ IO L 292, 16.8.2021, lch. 1.

⁽³⁾ IO L 131, 16.4.2021, lch. 123.

⁽⁴⁾ IO L 60, 2.3.2018, lch. 7.

2. Cuirtear na pointí seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 19bp (Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/348 ón gCoimisiún):

“19bq. **32021 R 1118:** Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1118 ón gCoimisiún an 26 Márta 2021 lena bhforlíontar Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonrúfar an mhodheolaíocht atá le húsáid ag údaráis réitigh chun an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 104a de Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus an ceanglas maoláin chomhcheangailte a mheas i dtaca le heintitis réitigh ar leibhéal comhdhlúite an ghrúpa réitigh i gcás nach mbíonn an grúpa réitigh faoi réir na gceanglas sin *per se* de bhun na Treorach réamhráite (IO L 241, 8.7.2021, lch. 1).

19br. **32021 R 1340:** Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1340 ón gCoimisiún an 22 Aibreán 2021 lena bhforlíontar Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena gcinntear inneachar na dtéarmaí conarthacha i dtaca le haitheantas a thabhairt do chumhachtaí um bac réitigh (IO L 292, 16.8.2021, lch. 1).”

Airteagal 2

Is téacsanna barántúla a bheidh i dtéacsanna Rialacháin Tarmligthe (AE) 2021/1118 agus (AE) 2021/1340 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/622 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacsanna atá le foilsiú i bhForlónadh LEE d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 24 Meán Fómhair 2022, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *, nó ar lá theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 145/2022 ó Chomhchoiste LEE an 29 Aibreán 2022 (†), cibé acu is déanaí.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlónadh LEE, d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Meán Fómhair 2022.

Thar ceann Chomhchoiste LEE
An tUachtarán
Kristján Andri STEFÁNSSON

(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.

(†) IO L 246, 22.9.2022, lch. 105.

CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 249/2022

an 23 Meán Fómhair 2022

lena leasaítear Iarscríbhinn IX (Seirbhísí airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE [2023/778]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1253 ón gCoimisiún an 21 Aibreán 2021 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/565 a mhéid a bhaineann le tosca inbhuanaitheachta, rioscaí agus sainroghanna a chomhtháthú i gceanglais eagrúcháin áirithe agus i ndálaí oibriúcháin le haghaidh gnólachtaí infheistíochta ⁽¹⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (2) Treoir Tarmligthe (AE) 2021/1269 ón gCoimisiún an 21 Aibreán 2021 lena leasaítear Treoir Tharmligthe (AE) 2017/593 a mhéid a bhaineann le tosca inbhuanaitheachta a chomhtháthú sna hoibleagáidí um rialachas táirgí ⁽²⁾, tá sí le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (3) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE, leasófar í mar a leanas:

1. Cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach i bpointe 31bah (Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/565 ón gCoimisiún):
'— **32021 R 1253**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1253 ón gCoimisiún an 21 Aibreán 2021 (IO L 277, 2.8.2021, lch. 1).'
2. Cuirtear an méid seo a leanas isteach i bpointe 31bazj (Treoir Tharmligthe (AE) 2017/593 ón gCoimisiún):
' , arna leasú le:
— **32021 L 1269**: Treoir Tarmligthe (AE) 2021/1269 ón gCoimisiún an 21 Aibreán 2021 (IO L 277, 2.8.2021, lch. 137).'

Airteagal 2

Is téacsanna barántúla a bheidh i dtéacsanna Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1253 agus Threoir Tarmligthe (AE) 2021/1269 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacsanna atá le foilsiú i bhForlónadh LEE d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 24 Meán Fómhair 2022, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *, nó ar lá theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 151/2022 ó Chomhchoiste LEE an 29 Aibreán 2022 ⁽³⁾, cibé acu is déanaí.

⁽¹⁾ IO L 277, 2.8.2021, lch. 1.

⁽²⁾ IO L 277, 2.8.2021, lch. 137.

^(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.

⁽³⁾ IO L 246, 22.9.2022, lch. 115.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlónadh LEE, d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Meán Fómhair 2022.

Thar ceann Chomhchoiste LEE

An tUachtarán

Kristján Andri STEFÁNSSON

CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 250/2022
an 23 Meán Fómhair 2022

lena leasaítear Iarscríbhinn IX (Seirbhísí airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE [2023/779]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,
De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/629 ón gCoimisiún an 12 Eanáir 2022 lena leasaítear na caighdeáin theicniúla rialála a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583 a mhéid a bhaineann le coigeartú ar na tairseacha leachtachta agus ar an bpeircintíl trádála a úsáidtear chun an méid atá sonrach don ionstraim is infheidhme maidir le hionstraimí neamhchothromais áirithe a chinneadh ⁽¹⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (2) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach i bpointe 31baz (Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583 ón gCoimisiún) d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE:

‘— **32022 R 0629:** Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/629 ón gCoimisiún an 12 Eanáir 2022 (IO L 115I, 13.4.2022, lch. 1).’

Airteagal 2

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/629 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 24 Meán Fómhair 2022, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Meán Fómhair 2022.

Thar ceann Chomhchoiste LEE

An tUachtarán

Kristján Andri STEFÁNSSON

⁽¹⁾ IO L 115I, 13.4.2022, lch. 1.

^(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.

CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 251/2022
an 23 Meán Fómhair 2022

lena leasaítear Iarscríbhinn IX (Seirbhísí airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE [2023/780]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/551 ón gCoimisiún an 4 Aibreán 2022 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/85 maidir leis an gcoibhéis idir ceanglais Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus creat rialála Stáit Aontaithe Mheiriceá i ndáil le contrapháirtithe lárnacha atá arna n-údarú agus arna maoirsiú ag Securities and Exchange Commission na Stát Aontaithe ⁽¹⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (2) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an méid seo a leanas isteach i bpointe 31bcaz (Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/85 ón gCoimisiún) d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE:

‘, arna leasú le:

- **32022 D 0551**: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/551 ón gCoimisiún an 4 Aibreán 2022 (IO L 107, 6.4.2022, lch. 82).’

Airteagal 2

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/551 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlónadh LEE d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 24 Meán Fómhair 2022, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlónadh LEE, d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Meán Fómhair 2022.

Thar ceann Chomhchoiste LEE
An tUachtarán
Kristján Andri STEFÁNSSON

⁽¹⁾ IO L 107, 6.4.2022, lch. 82.

^(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.

CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 252/2022

an 23 Meán Fómhair 2022

lena leasaítear Iarscríbhinn IX (Seirbhísí airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE [2023/781]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (“Comhaontú LEE”), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/732 ón gCoimisiún an 26 Eanáir 2021 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 667/2014 ón gCoimisiún i dtaca le hinneachar an chomhaid atá le cur faoi bhráid an Údaráis Eorpaigh um Urrúis agus Margáí ag an oifigeach imscrúdúcháin, leis an gceart éisteacht a fháil maidir le cinnú eatramhacha, agus le fíneálacha agus íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a thaisceadh ⁽¹⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (2) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Pointe 31bco (Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 667/2014 ón gCoimisiún) d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE, leasófar é mar a leanas:

1. Cuirtear an méid seo a leanas isteach:

“, arna leasú le:

— **32021 R 0732**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/732 ón gCoimisiún an 26 Eanáir 2021 (IO L 158, 6.5.2021, lch. 8).’

2. Athuimhrítear oiriúnuithe (d) go (g) mar oiriúnuithe (e) go (h).

3. Cuirtear an t-oiriúnú seo a leanas isteach i ndiaidh oiriúnú (c):

“(d) In Airteagal 3a, a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE:

- (i) i mír 1, sa chéad fhomhír de mhír 4 agus sa tríú fhomhír de mhír 5, cuirfear na focail ‘Údarás Faireacháin CSTE’ isteach in ionad ‘ESMA’;
- (ii) i mír 2, cuirfear na focail ‘agus Údarás Faireacháin CSTE’ isteach tar éis an fhocail ‘ESMA’;
- (iii) i mír 3, cuirfear na focail ‘cuirfidh sé Údarás Faireacháin CSTE ar an eolas faoin méid sin. Cinnfidh Údarás Faireacháin CSTE, gan moill mhíchuí,’ isteach in ionad na bhfocal ‘cinnfidh sé’ agus, i mír 5, cuirfear na focail ‘cuirfidh sé Údarás Faireacháin CSTE ar an eolas faoin méid sin. Glacfaidh Údarás Faireacháin CSTE, gan moill mhíchuí,’ isteach in ionad na bhfocal ‘glacfaidh sé’;
- (iv) sa chéad abairt den dara fhomhír de mhír 4, sa chéad fhomhír agus sa dara habairt den dara fhomhír de mhír 5, cuirfear na focail ‘Údarás Faireacháin CSTE’ in ionad an fhocail ‘ESMA’;
- (v) sa tríú agus sa cheathrú fhomhír de mhír 4, cuirfear na focail ‘nó, de réir mar a bheidh, Údarás Faireacháin CSTE’ isteach tar éis an fhocail ‘ESMA.’”

Airteagal 2

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/732 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

⁽¹⁾ IO L 158, 6.5.2021, lch. 8.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 24 Meán Fómhair 2022, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *, nó ar lá theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 50/2021 ó Chomhchoiste LEE an 5 Feabhra 2021 (?), cibé acu is déanaí.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlónadh LEE, d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Meán Fómhair 2022.

Thar ceann Chomhchoiste LEE

An tUachtarán

Kristján Andri STEFÁNSSON

(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.

(?) Nár foilsíodh fós san *Iris Oifigiúil*.

CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 253/2022

an 23 Meán Fómhair 2022

lena leasaítear Iarscríbhinn XI (Cumarsáid leictreonach, seirbhísí closamhairc agus an tsochaí faisnéise) a ghabhann le Comhaontú LEE [2023/782]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de, De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/173 ón gCoimisiún an 7 Feabhra 2022 maidir le comhchuibhiú bhandaí minicíochta 900 MHz agus 1 800 MHz le haghaidh córais trastíre atá in ann seirbhísí cumarsáide leictreonaí a sholáthar san Aontas agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/766/CE ⁽¹⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (2) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/173, aisghairtear Cinneadh 2009/766/CE ón gCoimisiún ⁽²⁾, atá ionchorpraithe i gComhaontú LEE agus atá le haisghairm, dá réir sin, faoi Chomhaontú LEE.
- (3) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn XI a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad théacs pointe 1a (Cinneadh 2009/766/CE ón gCoimisiún) d'Iarscríbhinn XI a ghabhann le Comhaontú LEE:

'**32022 D 0173**: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/173 ón gCoimisiún an 7 Feabhra 2022 maidir le comhchuibhiú bhandaí minicíochta 900 MHz agus 1 800 MHz le haghaidh córais trastíre atá in ann seirbhísí cumarsáide leictreonaí a sholáthar san Aontas agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/766/CE (IO L 28, 9.2.2022, lch. 29).'

Airteagal 2

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/173 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlónadh LEE d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 24 Meán Fómhair 2022, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlónadh LEE, d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Meán Fómhair 2022.

Thar ceann Chomhchoiste LEE

An tUachtarán

Kristján Andri STEFÁNSSON

⁽¹⁾ IO L 28, 9.2.2022, lch. 29.

⁽²⁾ IO L 274, 20.10.2009, lch. 32.

^(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.

CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 254/2022
an 23 Meán Fómhair 2022

lena leasaítear Iarscríbhinn XI (Cumarsáid leictreonach, seirbhísí closamhairc agus an tsochaí faisnéise) a ghabhann le Comhaontú LEE [2023/783]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,
De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/180 ón gCoimisiún an 8 Feabhra 2022 lena leasaítear Cinneadh 2006/771/CE maidir leis an nuashonrú ar choinníollacha teicniúla comhchuibhithe i réimse na húsáide speictrim raidió le haghaidh gairis gearr-raoin ⁽¹⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (2) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn XI a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach i bpointe 5cz (Cinneadh 2006/771/CE ón gCoimisiún) d'Iarscríbhinn XI a ghabhann le Comhaontú LEE:

‘— **32022 D 0180:** Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/180 ón gCoimisiún an 8 Feabhra 2022 (IO L 29, 10.2.2022, lch. 17).’

Airteagal 2

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/180 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlónadh LEE d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 24 Meán Fómhair 2022, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlónadh LEE, d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Meán Fómhair 2022.

Thar ceann Chomhchoiste LEE
An tUachtarán
Kristján Andri STEFÁNSSON

⁽¹⁾ IO L 29, 10.2.2022, lch. 17.

^(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.

CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 255/2022

an 23 Meán Fómhair 2022

lena leasaítear Iarscríbhinn XI (Cumarsáid leictreonach, seirbhísí closamhairc agus an tsochaí faisnéise) a ghabhann le Comhaontú LEE [2023/784]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1730 ón gCoimisiún an 28 Meán Fómhair 2021 maidir le húsáid chomhchuibhithe bhandaí minicíochta péireáilte 874,4-880,0 MHz agus 919,4-925,0 MHz agus bhanda minicíochta neamhphéiréilte 1 900-1 910 MHz le haghaidh Raidió Móibíleach Iarnróid ⁽¹⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (2) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn XI a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an pointe seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 5czt (Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1067 ón gCoimisiún) d'Iarscríbhinn XI a ghabhann le Comhaontú LEE:

'5czu. **32021 D 1730**: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1730 ón gCoimisiún an 28 Meán Fómhair 2021 maidir le húsáid chomhchuibhithe bhandaí minicíochta péireáilte 874,4-880,0 MHz agus 919,4-925,0 MHz agus bhanda minicíochta neamhphéiréilte 1 900-1 910 MHz le haghaidh Raidió Móibíleach Iarnróid (IO L 346, 30.9.2021, lch. 1).'

Airteagal 2

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1730 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlónadh LEE d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 24 Meán Fómhair 2022, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlónadh LEE, d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Meán Fómhair 2022.

Thar ceann Chomhchoiste LEE
An tUachtarán
Kristján Andri STEFÁNSSON

⁽¹⁾ IO L 346, 30.9.2021, lch. 1.

^(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.

CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 256/2022
an 23 Meán Fómhair 2022

lena leasaítear Iarscríbhinn XI (Cumarsáid leictreonach, seirbhísí closamhairc agus an tsochaí faisnéise) a ghabhann le Comhaontú LEE [2023/785]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,
De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/172 ón gCoimisiún an 7 Feabhra 2022 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1538 maidir le comhchuíbhiú speictrim raidió lena úsáid ag gairis ghearr-raoin laistigh de bhandaí minicíochta 874-876 agus 915-921 MHz ⁽¹⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (2) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn XI a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an méid seo a leanas isteach i bpointe 5czq (Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1538 ón gCoimisiún) d'Iarscríbhinn XI a ghabhann le Comhaontú LEE:

‘, arna leasú le:

- **32022 D 0172**: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/172 ón gCoimisiún an 7 Feabhra 2022 (IO L 28, 9.2.2022, lch. 21).’

Airteagal 2

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/172 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlónadh LEE d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 24 Meán Fómhair 2022, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlónadh LEE, d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Meán Fómhair 2022.

Thar ceann Chomhchoiste LEE
An tUachtarán
Kristján Andri STEFÁNSSON

⁽¹⁾ IO L 28, 9.2.2022, lch. 21.

^(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.

CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 257/2022

rinneadh é a tharraingt siar agus dá bhrí sin, fágadh bán é.

CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 258/2022

an 23 Meán Fómhair 2022

lena leasaítear Iarscríbhinn XIII (Iompar) a ghabhann le Comhaontú LEE [2023/787]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Rialachán (AE) 2022/312 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Feabhra 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) 2020/1429 a mhéid a bhaineann le fad na tréimhse tagartha maidir le bearta sealadacha a chur i bhfeidhm i ndáil le muirir a thobhach i leith úsáid bonneagair iarnróid ⁽¹⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (2) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach i bpointe 37ar (Rialachán (AE) Uimh. 2020/1429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Comhaontú LEE:

‘— **32022 R 0312:** Rialachán (AE) 2022/312 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Feabhra 2022 (IO L 55, 28.2.2022, lch. 1).’*Airteagal 2*

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán (AE) 2022/312 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlónadh LEE d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 24 Meán Fómhair 2022, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlónadh LEE, d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Meán Fómhair 2022.

Thar ceann Chomhchoiste LEE

An tUachtarán

Kristján Andri STEFÁNSSON

⁽¹⁾ IO L 55, 28.2.2022, lch. 1.

^(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.

CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 259/2022

an 23 Meán Fómhair 2022

lena leasaítear Iarscríbhinn XIII (Iompar) a ghabhann le Comhaontú LEE [2023/788]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2238 ón gCoimisiún an 15 Nollaig 2021 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/773 a mhéid a bhaineann le deireadh a chur de réir a chéile le cásanna sonracha i leith an chomhartha cúil ⁽¹⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (2) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/721 ón gCoimisiún an 10 Bealtaine 2022 lena gceartaítear an leagan Seicise den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1300/2014 maidir leis na sonraíochtaí teicniúla le haghaidh idir-inoibrítheacht a bhaineann le hinrochtaineacht chóras iarnróid an Aontais do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe ⁽²⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (3) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Comhaontú LEE, leasófar í mar a leanas:

1. Cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach i bpointe 37ma (Rialachán (AE) Uimh. 1300/2014 ón gCoimisiún):
'— **32022 R 0721**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/721 ón gCoimisiún an 10 Bealtaine 2022 (IO L 134, 11.5.2022, lch. 14).'
2. Cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach i bpointe 37pd (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/773 ón gCoimisiún):
'— **32021 R 2238**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2238 ón gCoimisiún an 15 Nollaig 2021 (IO L 450, 16.12.2021, lch. 57).'

Airteagal 2

Is téacsanna barántúla a bheidh i dtéacsanna Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2238 agus (AE) 2022/721 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacsanna atá le foilsiú i bhForlónadh LEE d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 24 Meán Fómhair 2022, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlónadh LEE, d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

⁽¹⁾ IO L 450, 16.12.2021, lch. 57.⁽²⁾ IO L 134, 11.5.2022, lch. 14.

(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Meán Fómhair 2022.

Thar ceann Chomhchoiste LEE
An tUachtarán
Kristján Andri STEFÁNSSON

CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 260/2022
an 23 Meán Fómhair 2022

lena leasaítear Iarscríbhinn XIII (Iompar) a ghabhann le Comhaontú LEE [2023/789]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1903 ón gCoimisiún an 29 Deireadh Fómhair 2021 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/764 maidir leis na táillí agus na muirir is iníoctha le Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh agus coinníollacha íocaíochta na dtáillí agus na muirear sin ⁽¹⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (2) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an méid seo a leanas isteach i bpointe 42fa (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/764 ón gCoimisiún) d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Comhaontú LEE:

‘, arna leasú le:

- **32021 R 1903**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1903 ón gCoimisiún an 29 Deireadh Fómhair 2021 (IO L 387, 3.11.2021, lch. 126).’

Airteagal 2

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1903 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlónadh LEE d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 24 Meán Fómhair 2022, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlónadh LEE, d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Meán Fómhair 2022.

Thar ceann Chomhchoiste LEE

An tUachtarán

Kristján Andri STEFÁNSSON

⁽¹⁾ IO L 387, 3.11.2021, lch. 126.

^(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.

CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 261/2022

an 23 Meán Fómhair 2022

lena leasaítear Iarscríbhinn XIII (Iompar) a ghabhann le Comhaontú LEE [2023/790]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1180 ón gCoimisiún an 11 Eanáir 2022 lena gceartaítear Treoir 2009/45/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rialacha agus caighdeáin sábháilteachta le haghaidh longa paisinéirí ⁽¹⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (2) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach i bpointe 56f (Treoir 2009/45/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Comhaontú LEE:

‘— **32022 R 1180**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1180 ón gCoimisiún an 11 Eanáir 2022 (IO L 184, 11.7.2022, lch. 1).’*Airteagal 2*

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1180 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlónadh LEE d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 24 Meán Fómhair 2022, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlónadh LEE, d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Meán Fómhair 2022.

Thar ceann Chomhchoiste LEE

An tUachtarán

Kristján Andri STEFÁNSSON

⁽¹⁾ IO L 184, 11.7.2022, lch. 1.

^(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.

CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 262/2022

an 23 Meán Fómhair 2022

lena leasaítear Iarscríbhinn XIII (Iompar) a ghabhann le Comhaontú LEE [2023/791]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/790 ón gCoimisiún an 19 Bealtaine 2022 lena gceartaítear leaganacha áirithe teanga de Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le hoibríochtaí aeir de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (2) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach i bpointe 66nf (Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 ón gCoimisiún) d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Comhaontú LEE:

‘— **32022 R 0790**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/790 ón gCoimisiún an 19 Bealtaine 2022 (IO L 141, 20.5.2022, lch. 13).’*Airteagal 2*

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/790 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlónadh LEE d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 24 Meán Fómhair 2022, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlónadh LEE, d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Meán Fómhair 2022.

Thar ceann Chomhchoiste LEE

An tUachtarán

Kristján Andri STEFÁNSSON

⁽¹⁾ IO L 141, 20.5.2022, lch. 13.

^(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.

CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 263/2022
an 23 Meán Fómhair 2022

lena leasaítear Iarscríbhinn XIII (Iompar) a ghabhann le Comhaontú LEE [2023/792]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,
De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/594 ón gCoimisiún an 8 Aibreán 2022 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 a mhéid a bhaineann le liosta na n-aeríompróirí a bhfuil toirmeasc ar a n-oibriú nó atá faoi réir srianta oibríochtúla laistigh den Aontas ⁽¹⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (2) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach i bpointe 66zab (Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 ón gCoimisiún) d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Comhaontú LEE:

— **32022 R 0594:** Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/594 ón gCoimisiún an 8 Aibreán 2022 (IO L 114, 12.4.2022, lch. 49).'

Airteagal 2

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/594 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlónadh LEE d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 24 Meán Fómhair 2022, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlónadh LEE, d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Meán Fómhair 2022.

Thar ceann Chomhchoiste LEE

An tUachtarán

Kristján Andri STEFÁNSSON

⁽¹⁾ IO L 114, 12.4.2022, lch. 49.

^(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.

CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 264/2022

an 23 Meán Fómhair 2022

lena leasaítear Iarscríbhinn XX (An Comhshaol) a ghabhann le Comhaontú LEE [2023/793]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Cinneadh (AE) 2022/1229 ón gCoimisiún an 11 Iúil 2022 lena leasaítear Cinntí 2014/312/AE, 2014/391/AE, 2014/763/AE, (AE) 2016/1332 agus (AE) 2017/176 a mhéid a bhaineann le tréimhse bhailíochta chritéir Éicilipéad an AE agus na ceanglais maidir le measúnú agus fíorú lena mbaineann ⁽¹⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (2) Cinneadh (AE) 2022/1244 ón gCoimisiún an 13 Iúil 2022 lena mbunaítear critéir an Éicilipéad AE maidir le damhnaí fáis agus feabhsaitheoirí ithreach ⁽²⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (3) Le Cinneadh (AE) 2022/1244, aisghairtear Cinneadh (AE) 2015/2099 ón gCoimisiún ⁽³⁾, atá ionchorpraithe i gComhaontú LEE agus atá le haisghairm, dá réir sin, faoi Chomhaontú LEE.
- (4) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn XX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Iarscríbhinn XX a ghabhann le Comhaontú LEE, leasófar í mar a leanas:

1. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad théacs phointe 2d (Cinneadh (AE) 2015/2099 ón gCoimisiún):
'**32022 D 1244:** Cinneadh (AE) 2022/1244 ón gCoimisiún an 13 Iúil 2022 lena mbunaítear critéir an Éicilipéad AE maidir le damhnaí fáis agus feabhsaitheoirí ithreach (IO L 190, 19.7.2022, lch. 141).'
2. Cuirtear an fhleasc seo isteach i bpointí 2v (Cinneadh 2014/312/AE ón gCoimisiún), 2w (Cinneadh 2014/391/AE ón gCoimisiún) agus 2zo (Cinneadh 2014/763/AE ón gCoimisiún):
'— **32022 D 1229:** Cinneadh (AE) 2022/1229 ón gCoimisiún an 11 Iúil 2022 (IO L 189, 18.7.2022, lch. 20).'
3. Cuirtear an méid seo a leanas isteach i bpointí 2zb (Cinneadh (AE) 2017/176 ón gCoimisiún) agus 2zd (Cinneadh (AE) 2016/1332 ón gCoimisiún):
'; arna leasú le:
— **32022 D 1229:** Cinneadh (AE) 2022/1229 ón gCoimisiún an 11 Iúil 2022 (IO L 189, 18.7.2022, lch. 20).'

Airteagal 2

Is téacsanna barántúla a bheidh i dtéacsanna Chinntí (AE) 2022/1229 agus (AE) 2022/1244 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacsanna atá le foilsiú i bhForlónadh LEE d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

⁽¹⁾ IO L 189, 18.7.2022, lch. 20.⁽²⁾ IO L 190, 19.7.2022, lch. 141.⁽³⁾ IO L 303, 20.11.2015, lch. 75.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 24 Meán Fómhair 2022, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlónadh LEE, d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Meán Fómhair 2022.

Thar ceann Chomhchoiste LEE

An tUachtarán

Kristján Andri STEFÁNSSON

(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.

CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEEUmh. 265/2022

an 23 Meán Fómhair 2022

lena leasaítear Iarscríbhinn XX (An Comhshaol) a ghabhann le Comhaontú LEE [2023/794]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/309 ón gCoimisiún an 24 Feabhra 2022 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/583 chun coigiltis CO₂ éicea-nuálaíochta áirithe a chur san áireamh chun meánastaíochtaí sonracha CO₂ Daimler AG agus díorma Daimler AG a ríomh ⁽¹⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (2) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/324 ón gCoimisiún an 24 Feabhra 2022 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/973 chun coigiltis CO₂ éicea-nuálaíochta áirithe a chur san áireamh chun astaíochtaí CO₂ Daimler AG agus díorma Daimler AG a ríomh ⁽²⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (3) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/344 ón gCoimisiún an 24 Feabhra 2022 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1035 chun coigiltis CO₂ éicea-nuálaíochta áirithe a chur san áireamh chun meánastaíochtaí sonracha CO₂ Daimler AG agus díorma Daimler AG a ríomh ⁽³⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (4) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn XX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Iarscríbhinn XX a ghabhann le Comhaontú LEE, leasófar í mar a leanas:

1. Cuirtear an méid seo a leanas isteach i bpointe 21aecz (Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/583 ón gCoimisiún):
' , arna leasú le:
— **32022 D 0309**: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/309 ón gCoimisiún an 24 Feabhra 2022 (IO L 46, 25.2.2022, lch. 128).'
2. Cuirtear an méid seo a leanas isteach i bpointe 21aze (Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1035 ón gCoimisiún):
' , arna leasú le:
— **32022 D 0344**: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/344 ón gCoimisiún an 24 Feabhra 2022 (IO L 62, 1.3.2022, lch. 12).'
3. Cuirtear an méid seo a leanas isteach i bpointe 21azj (Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/973 ón gCoimisiún):
' , arna leasú le:
— **32022 D 0324**: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/324 ón gCoimisiún an 24 Feabhra 2022 (IO L 55, 28.2.2022, lch. 54).'

Airteagal 2

Is téacsanna barántúla a bheidh i dtéacsanna Chinntí Cur Chun Feidhme (AE) 2022/309, (AE) 2022/324 agus (AE) 2022/344 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacsanna atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

⁽¹⁾ IO L 46, 25.2.2022, lch. 128.⁽²⁾ IO L 55, 28.2.2022, lch. 54.⁽³⁾ IO L 62, 1.3.2022, lch. 12.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 24 Meán Fómhair 2022, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlónadh LEE, d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Meán Fómhair 2022.

Thar ceann Chomhchoiste LEE

An tUachtarán

Kristján Andri STEFÁNSSON

(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.

CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 266/2022

an 23 Meán Fómhair 2022

lena leasaítear Iarscríbhinn XX (An Comhshaol) a ghabhann le Comhaontú LEE [2023/795]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/252 ón gCoimisiún an 21 Feabhra 2022 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1167 chun na ceanglais tástála a shonrú atá le cur i bhfeidhm maidir le mótar-ghineadóir éifeachtúil 48 Volta atá comhtháite sa chásáil tras-seolta agus atá cumaiscthe le tiontaire 48 Volta/DC 12 Volta/DC ⁽¹⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (2) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn XX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach i bpointe 21azd (Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1167 ón gCoimisiún) d'Iarscríbhinn XX a ghabhann le Comhaontú LEE:

‘— **32022 D 0252:** Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/252 ón gCoimisiún an 21 Feabhra 2022 (IO L 41, 22.2.2022, lch. 33).’*Airteagal 2*

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/252 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlónadh LEE d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 24 Meán Fómhair 2022, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlónadh LEE, d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Meán Fómhair 2022.

Thar ceann Chomhchoiste LEE

An tUachtarán

Kristján Andri STEFÁNSSON

⁽¹⁾ IO L 41, 22.2.2022, lch. 33.

^(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.

CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 267/2022

an 23 Meán Fómhair 2022

lena leasaítear Iarscríbhinn XX (An Comhshaol) a ghabhann le Comhaontú LEE (2023/796)

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (“Comhaontú LEE”), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/392 ón gCoimisiún an 4 Márta 2021 maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar shonraí a bhaineann le hastaíochtaí CO₂ ó ghluaisteáin paisinéirí agus ó fheithiclí tráchtála éadroma de bhun Rialachán (AE) 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1014/2010, (AE) Uimh. 293/2012, (AE) 2017/1152 agus (AE) 2017/1153 ⁽¹⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/392 aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1014/2010 ón gCoimisiún ⁽²⁾ agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 293/2012 ón gCoimisiún ⁽³⁾, atá ionchorpraithe i gComhaontú LEE agus atá le haisghairm, dá réir sin, faoi Chomhaontú LEE.
- (3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/392 aisghairtear, le héifeacht ón 1 Eanáir 2025, Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2017/1152 ⁽⁴⁾ agus (AE) 2017/1153 ⁽⁵⁾ ón gCoimisiún, atá ionchorpraithe i gComhaontú LEE agus atá le haisghairm, dá réir sin, faoi Chomhaontú LEE le héifeacht ón 1 Eanáir 2025.
- (4) De bhua Chinneadh Uimh. 168/2020 ó Chomhchoiste LEE an 23 Deireadh Fómhair 2020 ⁽⁶⁾, níl feidhm ag Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/392 ón gCoimisiún maidir le Lichtinstéin.
- (5) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn XX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Iarscríbhinn XX a ghabhann le Comhaontú LEE, leasófar í mar a leanas:

1. Cuirtear an méid seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 21azkd (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/941 ón gCoimisiún):

“21azl. **32021 R 0392**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/392 ón gCoimisiún an 4 Márta 2021 maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar shonraí a bhaineann le hastaíochtaí CO₂ ó ghluaisteáin paisinéirí agus ó fheithiclí tráchtála éadroma de bhun Rialachán (AE) 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1014/2010, (AE) Uimh. 293/2012, (AE) 2017/1152 agus (AE) 2017/1153 (IO L 77, 5.3.2021, lch. 8).

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, tá forálacha an Rialacháin oiriúnaithe mar a leanas:

- (a) In Airteagal 4(1), cuirtear na focail ‘agus Údarás Faireacháin CSTE a mhéid a bhaineann le monaróirí agus díormaí monaróirí atá bunaithe i Stáit CSTE’ isteach i ndiaidh na bhfocal ‘an Coimisiún’.

⁽¹⁾ IO L 77, 5.3.2021, lch. 8.

⁽²⁾ IO L 293, 11.11.2010, lch. 15.

⁽³⁾ IO L 98, 4.4.2012, lch. 1.

⁽⁴⁾ IO L 175, 7.7.2017, lch. 644.

⁽⁵⁾ IO L 175, 7.7.2017, lch. 679.

⁽⁶⁾ Níor foilsíodh go fóill san Iris Oifigiúil.

- (b) Sa chéad abairt de mhír 5, cuirfear na focail 'nó d'Údarás Faireacháin CSTE a mhéid a bhaineann le monaróirí atá bunaithe i Stáit CSTE' isteach i ndiaidh na bhfocal 'don Choimisiún'.
 - (c) In Airteagal 6(3) agus (5), cuirfear na focail 'nó d'Údarás Faireacháin CSTE, de réir mar a bheidh,' isteach i ndiaidh na bhfocal 'don Choimisiún'.
 - (d) In Airteagal 6(4), cuirfear na focail ' ag Údarás Faireacháin CSTE, de réir mar a bheidh,' isteach i ndiaidh na bhfocal 'ag an gCoimisiún'.
 - (e) In Airteagal 9(3) agus Airteagal 12, a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, cuirfear an focal '2023' in ionad '2022'.
 - (f) In Airteagal 9(3) cuirfear na focail nó d'Údarás Faireacháin CSTE, de réir mar a bheidh' isteach i ndiaidh na bhfocal 'don Choimisiún' agus in Airteagal 12 cuirfear na focail 'nó Údarás Faireacháin CSTE, de réir mar a bheidh,' isteach i ndiaidh na bhfocal 'an Coimisiún'."
2. Scriosfar téacs phointí 21aec (Rialachán (AE) Uimh. 1014/2010 ón gCoimisiún) agus 21aya (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 293/2012 ón gCoimisiún).
 3. Scriosfar téacs phointí 21aey (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1152 ón gCoimisiún) agus 21aez (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1153 ón gCoimisiún) le héifeacht ón 1 Eanáir 2025.

Airteagal 2

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/392 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlónadh LEE d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 24 Meán Fómhair 2022, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlónadh LEE, d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Meán Fómhair 2022.

Thar ceann Chomhchoiste LEE

An tUachtarán

Kristján Andri STEFÁNSSON

(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.

CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 268/2022**an 23 Meán Fómhair 2022****lena leasaítear Iarscríbhinn XX (An Comhshaol) a ghabhann le Comhaontú LEE [2023/797]**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/716 ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2022 maidir le Téitheoir Breosla Díosail Cliste a fhormheas lena úsáid i ngnáthinneall dócháin agus i ngluaisteáin paisinéirí hibrideacha leictreacha áirithe agus i bhfeithiclí tráchtála éadroma mar theicneolaíocht nuálach de bhun Rialachán (AE) 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾, arna cheartú le IO L 181, 7.7.2022, lch. 36 agus IO L 192, 21.7.2022, lch. 31, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (2) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn XX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an pointe seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 21azl (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/392 ón gCoimisiún) d'Iarscríbhinn XX a ghabhann le Comhaontú LEE:

'21azm. **32022 D 0716:** Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/716 ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2022 maidir le Téitheoir Breosla Díosail Cliste a fhormheas lena úsáid i ngnáthinneall dócháin agus i ngluaisteáin paisinéirí hibrideacha leictreacha áirithe agus i bhfeithiclí tráchtála éadroma mar theicneolaíocht nuálach de bhun Rialachán (AE) 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, (IO L 133, 10.5.2022, lch. 33), arna cheartú le IO L 181, 7.7.2022, lch. 36 agus IO L 192, 21.7.2022, lch. 31.'

Airteagal 2

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/716, arna cheartú le IO L 181, 7.7.2022, lch. 36 agus IO L 192, 21.7.2022, lch. 31, san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlónadh LEE d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 24 Meán Fómhair 2022, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlónadh LEE, d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

(¹) IO L 133, 10.5.2022, lch. 33.

(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Meán Fómhair 2022.

Thar ceann Chomhchoiste LEE
An tUachtarán
Kristján Andri STEFÁNSSON

CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 269/2022

an 23 Meán Fómhair 2022

lena leasaítear Iarscríbhinn XX (An Comhshaol) a ghabhann le Comhaontú LEE [2023/798]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1967 ón gCoimisiún an 11 Samhain 2021 lena mbunaítear stóras sonraí éigeantach agus sásra éigeantach digiteach malartaithe faisnéise i gcomhréir le Treoir 2002/49/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (2) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn XX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an pointe seo a leanas isteach i ndiaidh pointe 32ga (Treoir (AE) 2015/996 ón gCoimisiún) d'Iarscríbhinn XX a ghabhann le Comhaontú LEE:

'32gb. **32021 D 1967**: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1967 ón gCoimisiún an 11 Samhain 2021 lena mbunaítear stóras sonraí éigeantach agus sásra éigeantach digiteach malartaithe faisnéise i gcomhréir le Treoir 2002/49/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 400, 12.11.2021, lch. 160).'

Airteagal 2

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1967 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlónadh LEE d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 24 Meán Fómhair 2022, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlónadh LEE, d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Meán Fómhair 2022.

Thar ceann Chomhchoiste LEE

An tUachtarán

Kristján Andri STEFÁNSSON

(1) IO L 400, 12.11.2021, lch. 160.

(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.

CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 270/2022**an 23 Meán Fómhair 2022****lena leasaítear Iarscríbhinn XXII (Dlí na gCuideachtaí) a ghabhann le Comhaontú LEE [2023/799]**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Treoir (AE) 2019/1151 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena leasaítear Treoir (AE) 2017/1132 maidir le húsáid uirlisí agus próiseas digiteach i ndlí na gcuideachtaí (⁽¹⁾), tá sí le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (2) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn XXII a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasófar pointe 1 (Treoir (AE) 2017/1132 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) d'Iarscríbhinn XXII a ghabhann le Comhaontú LEE mar a leanas:

1. Cuirtear an méid seo a leanas isteach:

; arna leasú le:

— **32019 L 1151**: Treoir (AE) 2019/1151 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 (IO L 186, 11.7.2019, lch. 80).'

2. Cuirtear na hoiriúnuithe seo a leanas isteach tar éis oiriúnú (c):

- (d) A mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, beidh feidhm ag Airteagal 13i, Airteagal 13j(2) agus Airteagal 16(6) laistigh de 2 bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 270/2022 ó Chomhchoiste LEE an 23 Meán Fómhair 2022.
- (e) Stáit CSTE a bhfuil deacrachtaí ar leith acu agus Treoir (AE) 2019/1151 á trasú acu, beidh siad i dteideal moill a chur ar chur i bhfeidhm na Treorach go ceann suas le bliain amháin tar éis dháta theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 270/2022 ó Chomhchoiste LEE an 23 Meán Fómhair 2022. Cuirfidh siad cúiseanna oibiachtúla ar fáil maidir leis an ngá le síneadh ama den sórt sin. Tabharfaidh Stáit CSTE fógra d'Údarás Faireacháin CSTE go bhfuil sé ar intinn acu leas a bhaint as síneadh den sórt sin faoin lá tar éis dháta theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 270/2022 ó Chomhchoiste LEE an 23 Meán Fómhair 2022.'

Airteagal 2

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Threoir (AE) 2019/1151 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlónadh LEE d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 24 Meán Fómhair 2022, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlónadh LEE, d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

⁽¹⁾ IO L 186, 11.7.2019, lch. 80.

(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Meán Fómhair 2022.

Thar ceann Chomhchoiste LEE
An tUachtarán
Kristján Andri STEFÁNSSON

CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 271/2022**an 23 Meán Fómhair 2022****lena leasaítear Prótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE, maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse [2023/800]**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagail 86 agus 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Is iomchuí comhar na bPáirtithe Conarthacha i gComhaontú LEE a leathnú chun Cinneadh (AE) 2021/2316 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Nollaig 2021 maidir le Bliain Eorpach na hÓige (2022) ⁽¹⁾ a chumhdach.
- (2) Dá bhrí sin, ba cheart Prótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú chun go mbeidh an comhar leathnaithe sin ann ón 1 Eanáir 2022,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an mhír seo a leanas isteach i ndiaidh mhír 2r (Rialachán (AE) 2021/888 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) d'Airteagal 4 de Phrótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE:

‘2s. Beidh Stáit CSTE, le héifeacht ón 1 Eanáir 2022, rannpháirteach sa ghníomhaíocht seo a leanas:

- **32021 D 2316**: Cinneadh (AE) 2021/2316 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Nollaig 2021 maidir le Bliain Eorpach na hÓige (2022) (IO L 462, 28.12.2021, lch. 1).’

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis an fhógra dheireanaigh faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE *.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2022.

Airteagal 3

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlónadh LEE, d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Meán Fómhair 2022.

*Thar ceann Chomhchoiste LEE**An tUachtarán*

Kristján Andri STEFÁNSSON

⁽¹⁾ IO L 462, 28.12.2021, lch. 1.

^(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.

CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 272/2022

an 23 Meán Fómhair 2022

lena leasaítear Prótacal 47 a ghabhann le Comhaontú LEE, maidir le bacainní teicniúla ar thrádáil fíona a dhíothú [2023/801]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/273 ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2017 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le scéim na n-údaruithe le haghaidh planduithe fíniúnacha, clár na bhfionghort, doiciméid tionlacain agus deimhniúchán, an clár isteach agus amach, dearbhuithe éigeantacha, fógraí agus foilsíú faisnéise ar tugadh fógra fúithi, agus lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na seiceálacha agus na pionóis ábhartha, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 555/2008, (CE) Uimh. 606/2009 agus (CE) Uimh. 607/2009 ón gCoimisiún agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 436/2009 ón gCoimisiún agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/560 ón gCoimisiún ⁽¹⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (2) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/274 ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2017 lena leagtar síos rialacha le haghaidh chur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le scéim na n-údaruithe le haghaidh planduithe fíniúnacha, deimhniúchán, an clár isteach agus amach, dearbhuithe agus fógraí éigeantacha, agus le haghaidh chur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na seiceálacha ábhartha agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/561 ón gCoimisiún ⁽²⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (3) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/273 aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 436/2009 ón gCoimisiún ⁽³⁾, atá ionchorpraithe i gComhaontú LEE agus atá le haisghairm, dá réir sin, faoi Chomhaontú LEE.
- (4) Is le reachtaíocht maidir le fíona a bhaineann an Cinneadh seo. An reachtaíocht a bhaineann le fíona, ní bheidh feidhm aici maidir le Lichtinstéin fad a leathnófar cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta chun Lichtinstéin a chumhdach, mar a shonraítear sa seachtú mír den réamhrá ar Phrótacal 47 a ghabhann le Comhaontú LEE. Dá bhrí sin, níl feidhm le bheith ag an gCinneadh seo maidir le Lichtinstéin.
- (5) Dá bhrí sin, ba cheart Prótacal 47 a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Foscúibhinn 1 a ghabhann le Prótacal 47 a ghabhann le Comhaontú LEE, leasófar í mar a leanas:

1. Cuirtear an méid seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 8 (Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle):
 - 8a. **32018 R 0273:** Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2018/273 ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2017 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le scéim na n-údaruithe le haghaidh planduithe fíniúnacha, clár na bhfionghort, doiciméid tionlacain agus deimhniúchán, an clár isteach agus amach, dearbhuithe éigeantacha, fógraí agus foilsíú faisnéise ar tugadh fógra fúithi, agus lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na seiceálacha agus na pionóis ábhartha, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 555/2008, (CE) Uimh. 606/2009 agus (CE) Uimh. 607/2009 ón gCoimisiún agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 436/2009 ón gCoimisiún agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/560 ón gCoimisiún (IO L 58, 28.2.2018, lch. 1).

⁽¹⁾ IO L 58, 28.2.2018, lch. 1.⁽²⁾ IO L 58, 28.2.2018, lch. 60.⁽³⁾ IO L 128, 27.5.2009, lch. 15.

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, tá forálacha an Rialacháin Tarmligthe oiriúnaithe mar a leanas:

(a) Ní bheidh feidhm ach ag na forálacha seo a leanas den Rialachán:

Airteagal 1(c),

Airteagal 2,

Airteagail 8 agus 9,

Míreanna (1), cé is moite de phointí (a)(iii) agus (b) de, (2), (3) agus (5) d'Airteagal 10, cf. Iarscríbhinn V, Ranna A, B agus C,

Airteagal 11, cf. Iarscríbhinn VI, Cuid I,

Airteagal 14, cé is moite de phointe (b) de mhír (1),

Airteagail 16 go 19, agus

Airteagal 50(1)(b) agus (2).

Beidh feidhm ag na forálacha leis na hoiriúnuithe is féidir a dhíorthú ó fhorálacha phríomhthéacs an Chomhaontaithe, na hoiriúnuithe cothrománacha sa réamhrá ar Phrótacal 47 a ghabhann leis an gComhaontú agus na hoiriúnuithe sonracha i bhFoscríbhinn 1 a ghabhann le Prótacal 47 a ghabhann leis an gComhaontú.

(b) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara habairt d'Airteagal 17(2) agus in ionad an dara habairt den tríú fomhír d'Airteagal 18(1):

‘Déanfar an fhaisnéis sin a chur ar aghaidh i gcomhréir le Foscríbhinn 2 a ghabhann le Prótacal 47 a ghabhann leis an gComhaontú.’

- 8b. **32018 R 0274:** Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/274 ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2017 lena leagtar síos rialacha le haghaidh chur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le scéim na n-údaruithe le haghaidh planduithe fíniúnacha, deimhniúchán, an clár isteach agus amach, dearbhuithe agus fógraí éigeantacha, agus le haghaidh chur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na seiceálacha ábhartha agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/561 ón gCoimisiún (IO L 58, 28.2.2018, lch. 60).

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, tá forálacha an Rialacháin Cur Chun Feidhme oiriúnaithe mar a leanas:

Ní bheidh feidhm ach ag na forálacha seo a leanas den Rialachán Cur Chun Feidhme:

Airteagal 12 agus Airteagal 35(1).

Beidh feidhm ag na forálacha leis na hoiriúnuithe is féidir a dhíorthú ó fhorálacha phríomhthéacs an Chomhaontaithe, na hoiriúnuithe cothrománacha sa réamhrá ar Phrótacal 47 a ghabhann leis an gComhaontú agus na hoiriúnuithe sonracha i bhFoscríbhinn 1 a ghabhann le Prótacal 47 a ghabhann leis an gComhaontú.’

2. Cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach i bpointí 10 (Rialachán (CE) Uimh. 606/2009 ón gCoimisiún) agus 11 (Rialachán (CE) Uimh. 607/2009 ón gCoimisiún):

— **32018 R 0273:** Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/273 ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2017 (IO L 58, 28.2.2018, lch. 1).’

3. Scriostar téacs phointe 9 (Rialachán (CE) Uimh. 436/2009 ón gCoimisiún).

Airteagal 2

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialacháin Tarmligthe (AE) 2018/273 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/274 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacsanna atá le foilsiú i bhForlónadh LEE d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 24 Meán Fómhair 2022, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlónadh LEE, d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Meán Fómhair 2022.

Thar ceann Chomhchoiste LEE

An tUachtarán

Kristján Andri STEFÁNSSON

(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.

CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 273/2022**an 23 Meán Fómhair 2022****lena leasaítear Prótacal 47 a ghabhann le Comhaontú LEE maidir le bacainní teicniúla ar thrádáil fíona a dhíothú [2023/802]**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (“Comhaontú LEE”), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Rialachán (AE) 2017/2393 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2017 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 maidir le tacaíocht d’fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT), (AE) Uimh. 1306/2013 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air, (AE) Uimh. 1307/2013 lena mbunaítear rialacha maidir le híocaíochtaí díreacha le feirmeoirí faoi scéimeanna tacaíochta faoi chuimsiú an chomhbheartais talmhaíochta, (AE) Uimh. 1308/2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margáí i dtáirgí talmhaíochta agus (AE) Uimh. 652/2014 lena leagtar síos forálacha maidir le bainistiú caiteachais i ndáil leis an mbiashlabhra, sláinte ainmhithe agus leas ainmhithe, agus i ndáil le sláinte plandaí agus ábhar atáirgthe plandaí ⁽¹⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (2) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún an 17 Deireadh Fómhair 2018 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hiarratais ar chosaint sonrúchán tionscnaimh, tásca geografacha agus téarmaí traidisiúnta in earnáil an fhíona, an nós imeachta agóide, srianta ar úsáid, leasuithe ar shonraíochtaí táirgí, cealú cosanta agus lipéadú agus cur i láthair ⁽²⁾, arna cheartú le IO L 269, 23.10.2019, lch. 13, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (3) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 ón gCoimisiún an 12 Márta 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le limistéir fionsaotrúcháin inar féidir an neart alcóil a mhéadú, le cleachtais fhíoneolaíochta údaráithe agus srianta is infheidhme maidir le táirgeadh agus caomhnú táirgí fíniúna, leis an íoschéatadán alcóil i gcás fotháirgí agus a ndiúscairt, agus le foilsíú comhad de chuid OIV ⁽³⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (4) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/565 ón gCoimisiún an 13 Feabhra 2020 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 a mhéid a bhaineann le socrúithe idirthréimhseacha maidir le stoic de tháirgí fíniúna a mhargú ⁽⁴⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (5) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/34 ón gCoimisiún an 17 Deireadh Fómhair 2018 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hiarratais ar chosaint sonrúchán tionscnaimh, tásca geografacha agus téarmaí traidisiúnta in earnáil an fhíona, an nós imeachta agóide, leasuithe ar shonraíochtaí táirgí, clár na n-ainmneacha faoi chosaint, cealú cosanta agus úsáid siombailí, agus maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le córas iomchuí seiceálacha ⁽⁵⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (6) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/935 ón gCoimisiún an 16 Aibreán 2019 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le modhanna anailíse chun saintréithe fisiceacha, ceimiceacha agus orgánaileipteacha táirgí fíniúna a chinneadh agus le fógraí faoi chinntí na mBallstát a bhaineann le méaduithe ar an neart alcóil nádúrtha ⁽⁶⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

⁽¹⁾ IO L 350, 29.12.2017, lch. 15.⁽²⁾ IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.⁽³⁾ IO L 149, 7.6.2019, lch. 1.⁽⁴⁾ IO L 129, 24.4.2020, lch. 1.⁽⁵⁾ IO L 9, 11.1.2019, lch. 46.⁽⁶⁾ IO L 149, 7.6.2019, lch. 53.

- (7) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 607/2009 ón gCoimisiún (⁽⁷⁾), atá ionchorpraithe i gComhaontú LEE agus atá le haisghairm, dá réir sin, faoi Chomhaontú LEE.
- (8) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 606/2009 ón gCoimisiún (⁽⁸⁾), atá ionchorpraithe i gComhaontú LEE agus atá le haisghairm, dá réir sin, faoi Chomhaontú LEE.
- (9) Is le reachtaíocht maidir le fíon a bhaineann an Cinneadh seo. An reachtaíocht a bhaineann le fíon, ní bheidh feidhm aici maidir le Lichtinstéin fad a leathnófar cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta chun Lichtinstéin a chumhdach, mar a shonraítear sa seachtú mír den réamhrá i bPrótacal 47 a ghabhann le Comhaontú LEE. Dá bhrí sin, níl feidhm le bheith ag an gCinneadh seo maidir le Lichtinstéin.
- (10) Dá bhrí sin, ba cheart Prótacal 47 a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Foscúbhinn 1 de Phrótacal 47 a ghabhann le Comhaontú LEE, leasófar í mar a leanas:

- Cuirtear an méid seo a leanas isteach i bpointe 8 (Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle):

“, arna leasú le:

— **32017 R 2393**: Rialachán (AE) 2017/2393 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2017 (IO L 350, 29.12.2017, lch. 15).”
- Cuirtear an méid seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 8b (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/274 ón gCoimisiún):

‘8c. **32019 R 0033**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún an 17 Deireadh Fómhair 2018 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hiarratais ar chosaint sonrúchán tionscnaimh, tásca geografacha agus téarmaí traidisiúnta in earnáil an fhíona, an nós imeachta agóide, srianta ar úsáid, leasuithe ar shonraíochtaí, cealú cosanta agus lipéadú agus cur i láthair (IO L 9, 11.1.2019, lch. 2), arna cheartú le IO L 269, 23.10.2019, lch. 13.

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, tá forálacha an Rialacháin Tarmligthe oiriúnaithe mar a leanas:

- (a) Cuirfear an méid seo a leanas leis an tábla i gCuid A d'Iarscríbhinn I:

'san Íoslainnis	'súlfít' nó 'brennisteinsdíoxíd'	'egg', 'eggjaprótín', 'eggjaafurd', 'lýsósím úr eggjum' nó 'eggjaalbúmín'	'mjólk', 'mjólkurvörur', 'mjólkurkasein' nó 'mjólkurprótín'
san Ioruais	'sulfitter; nó 'svoveldioksid'	'egg', 'eggprotein', 'eggprodukt', 'egglysozym' nó 'eggalbumin'	'melk', 'melkeprodukt', 'melkekasein' nó 'melkeprotein'

- (b) Cuirfear an méid seo a leanas leis an tábla in Iarscríbhinn II:

'IS	'vinnsluaðili' nó 'vínræktarmaður'	'unnið af'
NO	'bearbeidingsvirksomhet' nó 'vinproducent'	'bearbeidet av'

(⁽⁷⁾) IO L 193, 24.7.2009, lch. 60.

(⁽⁸⁾) IO L 193, 24.7.2009, lch. 1.

- 8d. **32019 R 0034:** Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/34 ón gCoimisiún an 17 Deireadh Fómhair 2018 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hiarratais ar chosaint sonrúcháin tionscnaimh, tásca geografacha agus téarmaí traidisiúnta in earnáil an fhíona, an nós imeachta agóide, leasuithe ar shonraíochtaí táirgí, clár na n-ainmneacha faoi chosaint, cealú cosanta agus úsáid siombailí, agus maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le córas iomchuí seiceálacha (IO L 9, 11.1.2019, lch. 46).

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, tá forálacha an Rialacháin Cur Chun Feidhme oiriúnaithe mar a leanas:

D'ainneoin fhorálacha Phrótocal 1, an chumarsáid a dhéanfaidh údarais inniúla Stáit CSTE chuig an gCoimisiún de bhun Airteagal 30(1), leanfaidh sí an nós imeachta a leagtar amach i bpointe (b). Ní bheidh feidhm ag pointe 4 de Phrótocal 1 maidir le hAirteagal 30.

- 8e. **32019 R 0934:** Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 ón gCoimisiún an 12 Márta 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le limistéir fionsaothrúcháin inar féidir an neart alcóil a mhéadú, le cleachtais fhíoneolaíochta údaraithe agus srianta is infheidhme maidir le táirgeadh agus caomhnú táirgí fíniúna, leis an íoschéatadán alcóil i gcás fotháirgí agus a ndíúscairt, agus le foilsíú comhad de chuid OIV (IO L 149, 7.6.2019, lch. 1), arna leasú le:

— **32020 R 0565:** Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/565 ón gCoimisiún an 13 Feabhra 2020 (IO L 129, 24.4.2020, lch. 1).

- 8f. **32019 R 0935:** Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/935 ón gCoimisiún an 16 Aibreán 2019 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le modhanna anailíse chun saintréithe fisiceacha, ceimiceacha agus orgánaileipteacha táirgí fíniúna a chinneadh agus le fógraí faoi chinntí na mBallstát a bhaineann le méaduithe ar an neart alcóil nádúrtha (IO L 149, 7.6.2019, lch. 53).'

3. Scriostar téacs phointí 10 (Rialachán (CE) Uimh. 606/2009 ón gCoimisiún) agus 11 (Rialachán (CE) Uimh. 607/2009 ón gCoimisiún).

Airteagal 2

Is téacsanna barántúla a bheidh i dtéacsanna Rialachán (AE) 2017/2393, Rialacháin Tharmligthe (AE) 2019/33, arna cheartú le IO L 269, 23.10.2019, lch. 13, (AE) 2019/934 agus (AE) 2020/565 agus Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2019/34 agus (AE) 2019/935 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacsanna atá le foilsíú i bhForlíonadh LEE d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 24 Meán Fómhair 2022, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *, nó ar lá theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 272/2022 ó Chomhchoiste LEE an 23 Meán Fómhair 2022 (*), cibé acu is déanaí.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.

(*) Féach leathanach 78 den Iris Oifigiúil

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Meán Fómhair 2022.

Thar ceann Chomhchoiste LEE
An tUachtarán
Kristján Andri STEFÁNSSON

CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEEUimh. 274/2022**an 23 Meán Fómhair 2022****lena leasaítear Prótacal 47 a ghabhann le Comhaontú LEE, maidir le bacainní teicniúla ar thrádáil fíona a dhíothú [2023/803]**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (“Comhaontú LEE”), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1751 ón gCoimisiún an 17 Samhain 2020 lena mbronntar cosaint faoi Airteagal 99 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar an ainm “Würzburger Stein-Berg” (STFC) ⁽¹⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (2) Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1375 ón gCoimisiún an 11 Meitheamh 2021 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 maidir le téarmaí traidisiúnta in earnáil an fhíona a mhodhnú ⁽²⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (3) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1062 ón gCoimisiún an 13 Iúil 2020 lena mbronntar cosaint faoi Airteagal 99 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar an ainm “Csopak”/“Csopaki” (STFC) ⁽³⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (4) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1063 ón gCoimisiún an 13 Iúil 2020 lena mbronntar cosaint faoi Airteagal 99 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar an ainm “Achterhoek – Winterswijk” (STFC) ⁽⁴⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (5) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1064 ón gCoimisiún an 13 Iúil 2020 lena mbronntar cosaint faoi Airteagal 99 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar an ainm “delle Venezie”/“Beneških okolišev” (STFC) ⁽⁵⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (6) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1120 ón gCoimisiún an 23 Iúil 2020 lena mbronntar cosaint faoi Airteagal 99 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar an ainm “Adamclisi” (STFC) ⁽⁶⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (7) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1679 ón gCoimisiún an 6 Samhain 2020 lena mbronntar cosaint faoi Airteagal 99 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar an ainm “Soltvadkert” (STFC) ⁽⁷⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (8) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1680 ón gCoimisiún an 6 Samhain 2020 lena mbronntar cosaint faoi Airteagal 99 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar an ainm “Friuli”/“Friuli Venezia Giulia”/“Furlanija”/“Furlanija Julijska krajina” (STFC) ⁽⁸⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (9) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/152 ón gCoimisiún an 3 Feabhra 2021 lena mbronntar cosaint faoi Airteagal 99 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar an ainm “Ponikve” (STFC) ⁽⁹⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

⁽¹⁾ IO L 394, 24.11.2020, lch. 4.⁽²⁾ IO L 297, 20.8.2021, lch. 16.⁽³⁾ IO L 232, 20.7.2020, lch. 39.⁽⁴⁾ IO L 232, 20.7.2020, lch. 40.⁽⁵⁾ IO L 232, 20.7.2020, lch. 41.⁽⁶⁾ IO L 245, 30.7.2020, lch. 1.⁽⁷⁾ IO L 379, 13.11.2020, lch. 25.⁽⁸⁾ IO L 379, 13.11.2020, lch. 26.⁽⁹⁾ IO L 46, 10.2.2021, lch. 1.

- (10) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1263 ón gCoimisiún an 26 Iúil 2021 lena mbronntar cosaint faoi Airteagal 99 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar an ainm “Muškát momjanski/Moscato di Momiano” (STFC) ⁽¹⁰⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (11) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1914 ón gCoimisiún an 28 Deireadh Fómhair 2021 lena mbronntar cosaint faoi Airteagal 99 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar an ainm “Île-de-France” (TGFC) ⁽¹¹⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (12) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1915 ón gCoimisiún an 28 Deireadh Fómhair 2021 lena mbronntar cosaint faoi Airteagal 99 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar an ainm “Urueña” (STFC) ⁽¹²⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (13) Is le reachtaíocht maidir le fíon a bhaineann an Cinneadh seo. An reachtaíocht a bhaineann le fíon, ní bheidh feidhm aici maidir le Lichtinstéin fad a leathnófar cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta chun Lichtinstéin a chumhdach, mar a shonraítear sa seachtú mír den réamhrá ar Phrótacal 47 a ghabhann le Comhaontú LEE. Dá bhrí sin, níl feidhm le bheith ag an gCinneadh seo maidir le Lichtinstéin.
- (14) Dá bhrí sin, ba cheart Prótacal 47 a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Foscraibhinn 1 a ghabhann le Prótacal 47 a ghabhann le Comhaontú LEE, leasófar í mar a leanas:

1. Cuirtear an méid seo a leanas isteach i bpointe 8c (Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún):

“, arna leasú le:

— **32021 R 1375:** Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1375 ón gCoimisiún an 11 Meitheamh 2021 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 maidir le téarmaí traidisiúnta in earnáil an fhíona a mhodhnú (IO L 297, 20.8.2021, lch. 16).”

2. Cuirtear na pointí seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 8f (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/935 ón gCoimisiún):

“8g. **32020 R 1062:** Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1062 ón gCoimisiún an 13 Iúil 2020 lena mbronntar cosaint faoi Airteagal 99 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar an ainm ‘Csopak’/‘Csopaki’ (STFC) (IO L 232, 20.7.2020, lch. 39).

8h. **32020 R 1063:** Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1063 ón gCoimisiún an 13 Iúil 2020 lena mbronntar cosaint faoi Airteagal 99 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar an ainm ‘Achterhoek – Winterswijk’ (STFC) (IO L 232, 20.7.2020, lch. 40).

8i. **32020 R 1064:** Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1064 ón gCoimisiún an 13 Iúil 2020 lena mbronntar cosaint faoi Airteagal 99 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar an ainm ‘delle Venezie’/‘Beneških okolišev’ (STFC) (IO L 232, 20.7.2020, lch. 41).

8j. **32020 R 1120:** Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1120 ón gCoimisiún an 23 Iúil 2020 lena mbronntar cosaint faoi Airteagal 99 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar an ainm ‘Adamclisi’ (STFC) (IO L 245, 30.7.2020, lch. 1).

8k. **32020 R 1679:** Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1679 ón gCoimisiún an 6 Samhain 2020 lena mbronntar cosaint faoi Airteagal 99 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar an ainm ‘Soltvadkert’ (STFC) (IO L 379, 13.11.2020, lch. 25).

⁽¹⁰⁾ IO L 277, 2.8.2021, lch. 30.

⁽¹¹⁾ IO L 389, 4.11.2021, lch. 9.

⁽¹²⁾ IO L 389, 4.11.2021, lch. 10.

- 8l. **32020 R 1680**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1680 ón gCoimisiún an 6 Samhain 2020 lena mbronntar cosaint faoi Airteagal 99 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar an ainm ‘Friuli’/‘Friuli Venezia Giulia’/‘Furlanija’/‘Furlanija Julijska krajina’ (STFC) (IO L 379, 13.11.2020, lch. 26).
- 8m. **32020 R 1751**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1751 ón gCoimisiún an 17 Samhain 2020 lena mbronntar cosaint faoi Airteagal 99 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar an ainm ‘Würzburger Stein-Berg’ (STFC) (IO L 394, 24.11.2020, lch. 4).
- 8n. **32021 R 0152**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/152 ón gCoimisiún an 3 Feabhra 2021 lena mbronntar cosaint faoi Airteagal 99 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar an ainm ‘Ponikve’ (STFC) (IO L 46, 10.2.2021, lch. 1).
- 8o. **32021 R 1263**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1263 ón gCoimisiún an 26 Iúil 2021 lena mbronntar cosaint faoi Airteagal 99 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar an ainm ‘Muškat momjanski/Moscato di Momiano’ (STFC) (IO L 277, 2.8.2021, lch. 30).
- 8p. **32021 R 1914**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1914 ón gCoimisiún an 28 Deireadh Fómhair 2021 lena mbronntar cosaint faoi Airteagal 99 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar an ainm ‘Île-de-France’ (TGFC) (IO L 389, 4.11.2021, lch. 9).
- 8q. **32021 R 1915**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1915 ón gCoimisiún an 28 Deireadh Fómhair 2021 lena mbronntar cosaint faoi Airteagal 99 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar an ainm ‘Urueña’ (STFC) (IO L 389, 4.11.2021, lch. 10).”

Airteagal 2

Is téacsanna barántúla a bheidh i dtéacsanna Rialachán (AE) 2020/1751, Rialachán Tarmiligthe (AE) 2021/1375 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1062, (AE) 2020/1063, (AE) 2020/1064, (AE) 2020/1120, (AE) 2020/1679, (AE) 2020/1680, (AE) 2021/152, (AE) 2021/1263, (AE) 2021/1914 agus (AE) 2021/1915 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacsanna atá le foilsiú i bhForlónadh LEE d’Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 24 Meán Fómhair 2022, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *, nó ar lá theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 273/2022 ó Chomhchoiste LEE an 23 Meán Fómhair 2022 ⁽¹⁾, cibé acu is déanaí.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlónadh LEE, d’Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Meán Fómhair 2022.

Thar ceann Chomhchoiste LEE

An tUachtarán

Kristján Andri STEFÁNSSON

(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.

⁽¹⁾ Féach leathanach 81 den Iris Oifigiúil seo.

CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 275/2022

an 23 Meán Fómhair 2022

lena leasaítear Prótacal 47 a ghabhann le Comhaontú LEE maidir le bacainní teicniúla ar thrádáil fíona a dhíothú [2023/804]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (“Comhaontú LEE”), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/16 ón gCoimisiún an 22 Deireadh Fómhair 2021 lena gceartaítear leaganacha i dteangacha áirithe de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceantair fionsaothrúcháin inar féidir neart an alcóil a mhéadú, maidir le cleachtais fíoneolaíochta údaraithe agus le srianta is infheidhme i ndáil le táirgeadh agus caomhnú táirgí fíniúna, maidir leis an íoschéatadán alcóil i gcás fotháirgí agus a ndiúscairt, agus le foilsiú comhad de chuid OIV ⁽¹⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (2) Is le reachtaíocht maidir le fíon a bhaineann an Cinneadh seo. An reachtaíocht a bhaineann le fíon, ní bheidh feidhm aici maidir le Lichtinstéin fad a leathnófar cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta chun Lichtinstéin a chumhdach, mar a shonraítear sa seachtú mír den réamhrá i bPrótacal 47 a ghabhann le Comhaontú LEE. Dá bhrí sin, níl feidhm le bheith ag an gCinneadh seo maidir le Lichtinstéin.
- (3) Dá bhrí sin, ba cheart Prótacal 47 a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach i bpointe 8e (Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 ón gCoimisiún) d’Fhoscríbhinn 1 a ghabhann le Prótacal 47 a ghabhann le Comhaontú LEE:

“— **32022 R 0016:** Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/16 ón gCoimisiún an 22 Deireadh Fómhair 2021 (IO L 5, 10.1.2022, lch. 1).”

Airteagal 2

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/16 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d’*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 24 Meán Fómhair 2022, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *, nó ar lá theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 273/2022 ó Chomhchoiste LEE an 23 Meán Fómhair 2022 ⁽²⁾, cibé acu is déanaí.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d’*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

⁽¹⁾ IO L 5, 10.1.2022, lch. 1.

^(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.

⁽²⁾ Féach leathanach 81 den *Iris Oifigiúil*

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Meán Fómhair 2022.

Thar ceann Chomhchoiste LEE
An tUachtarán
Kristján Andri STEFÁNSSON

CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 276/2022

an 23 Meán Fómhair 2022

lena leasaítear Prótacal 47 a ghabhann le Comhaontú LEE maidir le bacainní teicniúla ar thrádáil fíona a dhíothú [2023/805]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (“Comhaontú LEE”), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1146 ón gCoimisiún an 7 Meitheamh 2018 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/892 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hearnáil na dtorthaí agus na nglasraí agus eárnáil na dtorthaí agus na nglasraí próiseáilte agus Rialachán (CE) Uimh. 606/2009 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe áirithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 479/2008 ón gComhairle a mhéid a bhaineann le catagóirí na dtáirgí fíniúna, leis na cleachtais fíoneolaíochta agus leis na srianta is infheidhme ⁽¹⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (2) Is le reachtaíocht maidir le fíona a bhaineann an Cinneadh seo. An reachtaíocht a bhaineann le fíona, ní bheidh feidhm aici maidir le Lichtinstéin fad a leathnófar cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta chun Lichtinstéin a chumhdach, mar a shonraítear sa seachtú mír den réamhrá i bPrótacal 47 a ghabhann le Comhaontú LEE. Dá bhrí sin, níl feidhm le bheith ag an gCinneadh seo maidir le Lichtinstéin.
- (3) Dá bhrí sin, ba cheart Prótacal 47 a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach i bpointe 10 (Rialachán (CE) Uimh. 606/2009 ón gCoimisiún) d’Fhoscríbhinn 1 a ghabhann le Prótacal 47 a ghabhann le Comhaontú LEE:

“— **32018 R 1146:** Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1146 ón gCoimisiún an 7 Meitheamh 2018 (IO L 208, 17.8.2018, lch. 9).”*Airteagal 2*

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1146 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlónadh LEE d’Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

*Airteagal 3*Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 24 Meán Fómhair 2022, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *, nó ar lá theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 273/2022 ó Chomhchoiste LEE an 23 Meán Fómhair 2022 ⁽²⁾, cibé acu is déanaí.*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlónadh LEE, d’Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

⁽¹⁾ IO L 208, 17.8.2018, lch. 9.^(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.⁽²⁾ IO L 81

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Meán Fómhair 2022.

Thar ceann Chomhchoiste LEE
An tUachtarán
Kristján Andri STEFÁNSSON

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)